



# Scéal Oilibhéir

## **Nuachtlitr 15-6-2020**

### **Teacht ar ais ar scoil | *Returning to school***

Mar is eol daoibh faoin am seo, níl treoirlínte ullamh ag an Rialtas go fóill, foilsíodh Tuairisc, atá ceangailte leis seo ach níl aon chinnteacht go fóill faoi a mbeodh le déanamh i mí Mheán Fómhair. Coimeádfar ar an eolas sibh má thagann aon eolas soiléir amach. Mo leithscéal nach bhfuil aon leagan Gaeilge den “phlean” seo, níor foisíodh ceann go bhfios dom.

*As you know by now, there are no guidelines prepared by the Government yet, a report, attached, was published but there is no certainty yet about what will have to be done in September. Apologies that I don't have an Irish version for you, none was published as far as I know.*

### **Rang a Sé**

Beidh Oíche Ghradaim Rang a Sé ar an Luan 29 Meitheamh ar 20:00. Beidh sé ar siúl i gclós na scoile agus ní bheidh cead ach ag muintir teaghlaigh na bpáistí freastal ar an ócáid faraoir.

*Rang a Sé will have a graduation on Monday 29 June at 20:00. It will be in the school yard and unfortunately only family members of the children's household may attend.*

### **Google Classroom**

Tar éis do na páistí iad féin a chruthú agus mar chabhair do thuismitheoirí atá imithe ar ais ag obair, tá an *Stream* ar oscailt an t-am ar fad anois. Mar a deirim san fhíseán, níl aon bhrú aon rud a chur suas ach ar a laghad anois, beidh tú in ann é a dhéanamh ag am ar bith a oireann duitse. Smaoinigh freisin áfach nach mbeidh múinteoirí in ann rudaí a fhreagairt déanach san oíche. Más mian leat teagmháil a dhéanamh le múinteoir, is fearr é a dhéanamh idir 09:00 agus 14:00.

*Seeing as the children have proven themselves and as an assistance to parents who have gone back to work, the Stream will be open all the time now. As I say in the video, there is no pressure to put anything up but at least now you can do it at a time that suits you. Please remember however that teachers will not be able to answer things late at night and if you want to contact a teacher, it's best to do so between 09:00 and 14:00.*

### **Íocaíocht ar Líne | *Online Payments***

Tá súil agam go mbeidh scéal faoi seo roimh dheireadh na míosa

*I hope to have news about this before the end of the month.*

### **Tuairiscí Scoile | *School Reports***

Tá na tuairiscí le feiceáil ar Aladdin anois.

*School reports are now available to view on Aladdin*

### **Naíonáin Nua | *New Infants***

Faraor, deirtear linn nach bhfuil bealach ar bith againn faoi láthair cuairt a eagrú ar an scoil roimh dheireadh na scoilbhliana seo, is cuma cé chomh beag is atá an grúpa. Má thagann athrú air seo roimh Mheán Fómhair, beimid i dteagmháil ach idir an dá linn, táimid ag obair ar fhíseán de thuras fíorúil timpeall na scoile le go bhfeicfidh na Naíonáin Nua an seomra agus an halla srl.

*Alas, we are told it's not possible to organise a tour of the school before the end of this school year regardless of how small the group is. If this changes in any way before September, we will be in contact but in the meantime, we're working on a video of a virtual tour around the school so that the new infants can see the room and the hall etc.*

### **Teagmháil | *Contact***

Beimid ag seiceáil isteach le teaghlaigh an tseachtain seo má fheictear dúinn nach raibh siad i dteagmháil le *Google Classroom* le déanaí. Níl sé i gceist againn brú a chur leis na glaonna seo ach teastaíonn uainn é a chinntiú nach féidir linn aon rud a dhéanamh le tacú le daoine nach bhfuil ag baint úsáide as *Google Classroom* de bharr pé cúise atá ann.

*We will be checking in with families this week if we see that they have not been engaging with Google Classroom. It is not our intention to put any pressure but we want to make sure there is nothing we can do to support families who aren't using Google Classroom for whatever reason.*

### **Leabhair le cur ar ais | *Books to be returned!***

Beidh an scoil ar oscailt ar an Déardaoin 25 Meitheamh, ar an Aoine 26 Meitheamh agus ar an Satharn 27 Meitheamh le gur féidir le thuismitheoirí na leabhair scoile a fhágáil ar ais sa scoil. Fógrófar na hamanna ar ball ach beimid ag iarraidh é a dhéanamh ar bhealach oiriúnach do thuismitheoirí agus táthar ag súil leis go mbeidh tréimshe roimh lón agus tréimhse sa tráthnóna. Déan cinnte de le do thoil go dtagann gach leabhar ar ais.

*The school will be open on Thursday 25 June, Friday 26 June and Saturday 27 June so that parents can drop schoolbooks back to the school. The times will be announced shortly but we will be endeavouring to make it as convenient as possible for parents and it's hoped we'll have a period before lunch and a period in the evening. Please ensure that all books come back.*

## Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

### Síntiús Deonach | Voluntary Contribution

Gach bliain, timpeall an ama seo, bailimid síntiús deonach ó na teaghlaigh sa scoil. Is rud **DEONACH** é seo agus níl aon iachall ar éinne é a thabhairt. Tuigimid, i mbliana ach go háirithe, go mbeidh airgead gann agus níl sé i gceist againn aon bhrú in aon chor a chur ar éinne. Tuigimid freisin áfach gur maith le tuismitheoirí cur le cumas na scoile na himeachtaí breise ar fad a dhéanamid a eagrú. Tá an scoil tar éis airgead a shábháil ar rudaí ar nós an leictreachais agus ar chuid de na himeachtaí nár tharla ach táimid thíos ó thaobh an chíos ar an halla srl. Bhí costas breise i gceist leis an éigeandáil ina bhfuilimid agus ní fios go fóill cén saghas airgid bhreise a bheidh le caitheamh chun an scoil a oscailt go sábháilte i mí Mheán Fómhair. Bíonn tuismitheoirí na scoile seo fial flaitiúil i gcónaí, lena gcuid ama, lena gcuid saineolais agus lena gcuid airgid. Is go hiomlán fút féin é seo agus leagaim béim air seo arís; **is rud deonach é**. Molaimid €50 an teaghlach de ghnáth ach glacfar go buíoch le pé méid a oireann duit. Mura bhfuil tú in ann aon rud a thabhairt i mbliana, tuigimid go hiomlán. Má tá sé ar do chumas €250 nó níos mó a thabhairt, tá sé de cheart ag an scoil airgead breise a fháil de bharr cúinsí cánacha. Má tá tú sásta síntiús deonach a dhéanamh, iarrtar ort na sonraí bainc thíos a úsáid agus d'ainm a chur sa spás tagartha más mian leat admháil a fháil. Coimeádfar síntiús gach éinne príobháideach. Tabhair faoi deara le do thoil, gur bailiúchán bliantúil é seo, do bhliain an fhéilire 2020 ach beidh fáilte roimh shíntiús ag am ar bith sa bhliain. Seo thíos samplaí de chuid de na rudaí breise a chuirimid ar fáil leis an gcabhair seo.

\* Céimeanna sábháilteachta | Safety measures \* Ranganna Rince | Dance Classes \* Costais spóirt | Sporting Expenses

\* Costais taistil d'imeachtaí Cultúrtha | Travel Expenses for Cultural Events \* Trealamh spóirt | Sporting Equipment

\* Ceardlanna | Workshops \* Cóiríú an AED agus Oiliúint na Foirne | Upkeep of Defib and Staff Training

\* Turasanna ar Draíocht | Trips to Draíocht \* Oiliúint bhreise agus uas-sciliú na Foirne | Extra training and upskilling for Staff

Every year, around this time, we collect a voluntary contribution from families in the school. This is **VOLUNTARY** and there is no obligation on anyone to give anything. We appreciate that this year especially, money is scarce and we don't wish to put any pressure on anyone. We understand also that parents like to add to the school's ability to organise the extra activities we do. The school has saved money on things like electricity and on some of the activities that didn't happen but most of the annual heating expense is at the early part of the year and we are also down the income from the renting hall to external groups etc. There were extra costs with the emergency in which we find ourselves and it is as yet unknown what extra costs will be involved in opening the school safely in September. The parents of the school are always extremely generous – with their time, with their expertise and with their money. This is entirely up to you and I emphasise this again; **this is voluntary**. We usually suggest €50 per family but we will gratefully accept any figure that is suitable for you. If you are unable to donate this year, we understand totally. If you are able to donate €250 or more, the school is entitled to claim extra money back due to tax arrangements. If you are happy to make a contribution, you are asked to use the bank details below and to put your name in the reference bar if you wish to receive a receipt. All contributions will be kept strictly confidential. Please note, this is an annual collection for the calendar year 2020 but we will gratefully accept a contribution at any time of year. Above are some examples of the extra things we can provide with this help.

SCOIL OILIBHEIR DP

Sort Code: 93-25-15

Account Number: 22213385

EUR

BIC: AIBKIE2D

IBAN: IBAN IE23 AIBK 9325 1522 2133 85

### Turas Scoile agus Lá Spóirt Fíorúil | Virtual School Tour and Sports Day

Beidh an Lá Spóirt againn ar an Déardaoin seo 18 Meitheamh. Beidh imeachtaí agus dúshlán ann a bheidh oiriúnach do pháistí agus tá súil againn go mbeidh aimsir dheas ann, cé go mbeidh na páistí in ann an chuid is mó de a dhéanamh laistigh más gá.

Beidh gach rang sa scoil ag dul ar an turas scoile ar an Déardaoin 25 Meitheamh agus táimid ag súil go mór leis. Táimid ar fad ag dul go Meiriceá don lá agus beidh tuilleadh eolais faoi seo ar ball!

We'll have our sports day this Thursday 18 July. There will be activities and challenges suitable for children and we hope to have nice weather, even though the children will be able to do most activities indoors if necessary. All classes will go on the school tour the following Thursday 25 July and we're really looking forward to it. We're all off to America for the day and we'll have more information about that shortly!

### Bailiúcháin/Bronntanais do Mhúinteoirí | Collections/Presents for Teachers

Ní bhíonn múinteoirí Scoil Oilibhéir riamh ag súil le bronntanais ag deireadh na bliana agus cé go mbímid an-bhuíoch as aon aitheantas ar ár gcuid oibre, gan a bheith ag iarraidh a bheith rótheann asainn féin, i mbliana ach go háirithe, táimid ag rá nach bhfuil aon ghá aon rud mar seo a eagrú. Is mór againn an tacaíocht a fhaighimid ó thuismitheoirí na scoile, ar an-chuid bealaí, ach níor mhaith linn go gcuirfí brú ar aon teaghlach nuair atá cúrsaí an-deacair do chuid againn ó thaobh airgid de. Tá lán-fáilte síntiús a dhéanamh do charthanacht éigin in ainm na scoile más mian leat. Ach níos fearr fós, cuirigí ar ais chugainn bhur bpáistí iontacha i mí Mheán Fómhair. Níl rud ar bith ar domhan a chuirfeadh níos mó áthais orainn ná gnáthlá scoile lenár bpáistí gleoite.

The teachers in Scoil Oilibhéir never expect a present at the end of the school year and although we are always very grateful for any recognition for our work, without wishing to be presumptuous, this year especially, we are saying that there is no need to organise anything like this. We really appreciate the support we get in many ways from parents in the school but we would not like for any family to feel under pressure when things are very difficult for some of us financially. You are more than welcome to make a charitable donation in the school's name if you wish. Better again, just send us back your wonderful children in September. There is nothing on Earth would make us more happy than a regular school day with our brilliant páistí.